

Scuainí sna stáisiúin

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi na scuainí atá i stáisiúin pheitрил i Sasana. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí Gaeilge ar an bhfógra thíos. Cad atá ar eolas agaibh faoin scéal seo?



Ceist 2

Déan iarracht Gaeilge a chur ar na focail thíos anois.

1. *emergency powers* _____
2. *fuel shortage* _____
3. *it was necessary* _____
4. *supervisors* _____
5. *nearby* _____
6. *the rush* _____
7. *fuel deliveries* _____
8. *competition laws* _____
9. *suspend* _____
10. *supply chain* _____

Anois, féach ar an tuairisc agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail thuas inti.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a bhfuil scuainí fada i stáisiúin pheitрил sa Bhreatain?
2. Cad a deir an rialtas faoin scéal?
3. Cathain a thosaigh an bhrúisc sna stáisiúin agus cén fáth?
4. Conas a rachaidh an rialtas i ngleic leis an bhfadhb?
5. Cén fáth a mbeidh tiománaithe leoraí ag dul go dtí an Bhreatain ó Éirinn, dar le Micheál Ó Curraighin?
6. Cén fáth a bhfuil imní ar Ruairí Ó Murchú?
7. Cé hé Eugene Drenann agus cad a dúirt sé?

Ceist 4 An briathar 'bí'

- A. Éist leis an mír arís agus breac síos na samplaí den bhriathar **bí** a chloiseann tú inti.
- B. Líon isteach an tábla thíos leis an bhfoirm chuí den bhriathar **bí** i ngach pearsa. Líon isteach na foirmeacha ceisteacha freisin.

An aimsir chaite	An aimsir láithreach	An aimsir fháistineach	An modh coinníollach

Ceist 5

Féach ar an sliocht seo ón script. Tá ceithre shéimhiú fágtha ar lár ann. An féidir leat iad a bhreacadh isteach? Cad a bhí ag an duine in aice leat?

An tseachtain seo a chuaigh thart a tosaigh an brúisc ag na stáisiúin nuair a tuairiscíodh go bhféadfadh ganntanas tiománaithe leoraí cur isteach ar seachadtaí breosla. Tá cuid den locht á chur ar an Bhreacimeacht. Dá bharr, d'fhógair Rialtas na Breataine scéim víosa teoranta de chúig mhíle tiománaí ó thar lear. Fógraíodh go raibh dlíthe iomaíochta le cur ar fionraí le deis níos fearr a thabhairt do comhlachtaí ola díriú ar na stáisiúin is measa atá buailte. Tuairiscíodh go raibh an rialtas ag smaointiú ar an arm a thabhairt isteach leis an bhrú a mhaolú. Ach, dúirt Rúnaí Comhshaoil Shasana, George Eustice, inniu, nach raibh sé i gceist go mbeadh saighdiúirí ag tiomáint tancaeir bhreosla.

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An raibh ort féin fanacht i scuaine ar feadh tamall fada riamh? Inis an scéal.
2. Cad is cúis leis an nganntanas breosla seo, dar leat féin?
3. Cén fáth a bhfuil muid fós ag úsáid breosla in ainneoin an dochair a dhéanann sé don timpeallacht?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinnfear an tuairisc.

'Sorry, fuel is temporarily unavailable' - *Tá brón orainn, níl breosla ar fáil faoi láthair.*

Ceist 2

- | | |
|----------------------------|------------------------------|
| 1. <i>emergency powers</i> | <i>cumhachtaí éigeandála</i> |
| 2. <i>fuel shortage</i> | <i>ganntanas breosla</i> |
| 3. <i>it was necessary</i> | <i>b'éigean</i> |
| 4. <i>supervisors</i> | <i>maoirseoirí</i> |
| 5. <i>nearby</i> | <i>in aice láimhe</i> |
| 6. <i>the rush</i> | <i>an bhrúisc</i> |
| 7. <i>fuel deliveries</i> | <i>seachadtaí breosla</i> |
| 8. <i>competition laws</i> | <i>dlíthe iomaíochta</i> |
| 9. <i>suspend</i> | <i>cuir ar fionraí</i> |
| 10. <i>supply chain</i> | <i>slabhra soláthair</i> |

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- A. Ní bheifeá ag súil go mbeadh na foghlaimeoirí in ann gach sampla den bhriathar **bí** a aimsiú. Is é aidhm na gníomhaíochta ná a mhínicis is a úsáidtear an briathar **bí** a chur ar a súile dóibh. Is féidir an mhír a stopadh go rialta le deis a thabhairt dóibh na samplaí a bhreacadh síos.

Tá x 4, táimid, atá, go bhfuil x 2, nach bhfuil x 2, mura bhfuil, nach mbeidh, go mbeidh, bhí x 2, go raibh x 2, nach raibh, go mbeadh.

- B. Féach:

An aimsir chaite	An aimsir láithreach	An aimsir fháistineach	An modh coinníollach
An raibh ...?	An bhfuil?	An mbeidh...?	An mbeadh...?
Bhí mé	Táim / tá mé	Beidh mé	Bheinn
Bhí tú	Tá tú	Beidh tú	Bheifeá
Bhí sé	Tá sé	Beidh sé	Bheadh sé
Bhí sí	Tá sí	Beidh sí	Bheadh sí
Bhíomar / Bhí muid	Táimid / tá muid	Beimid / beidh muid	Bheimis
Bhí sibh	Tá sibh	Beidh sibh	Bheadh sibh
Bhí siad	Tá siad	Beidh siad	Bheidís

Cuir béim ar an bhfíric go bhfuil aimsir ghnáthláithreach faoi leith ag an mbriathar **bí** a úsáidtear go rialta.

An mbíonn...?

Bím / Bíonn tú / Bíonn sé nó sí / Bímid / Bíonn sibh / Bíonn siad.

Ceist 5

An tseachtain seo a chuaigh thart a **th**osaigh an **bh**rúisc ag na stáisiúin nuair a tuairiscíodh go bhféadfadh ganntanas tiománaithe leoraí cur isteach ar **sh**eachadtaí breosla. Tá cuid den locht á chur ar an Bhreataineacht. Dá bharr, d'fhógair Rialtas na Breataine scéim víosa teoranta do chúig mhíle tiománaí ó thar lear. Fógraíodh go raibh dlíthe iomaíochta le cur ar fionraí le deis níos fearr a thabhairt do **ch**omhlachtaí ola díriú ar na stáisiúin is measa atá buailte. Tuairiscíodh go raibh an rialtas ag smaointiú ar an

VIFAX 30 Meán Fómhair 2021
Meánleibhéal

arm a thabhairt isteach leis an bhrú a mhaolú. Ach dúirt Rúnaí Comhshaoil Shasana, George Eustice, inniu nach raibh sé i gceist go mbeadh saighdiúirí ag tiomáint tancaeir bhreosla.

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Tá scuainí fada ag stáisiúin pheitрил i Sasana arís inniu agus brú ag teacht ar an rialtas ansan¹ cumhachtaí éigeandála a úsáid chun dul i ngleic le ganntanas breosla. Deir an rialtas go bhfuil go leor peitрил sa tír agus tá iarrtha acu ar dhaoine gan a bheith ag ceannach breosla muna² bhfuil gá leis.

Peadar Mac Gaoithín

Scuaine eile taobh amuigh de stáisiún peitрил i Londain ar maidin agus eagla ar dhaoine nach mbeidh breosla le fáil. B'éigean maoirseoirí a fhostú le smacht a choinneáil ar thiománaithe a bhí trí chéile. Bhí scuainí ar fud na cathrach agus anseo in Kent, in aice láimhe, áit ar rith roinnt stáisiún amach as breosla:

'It's a nightmare. All the way from Stevenage to here we haven't found one yet.'

An tseachtain seo a chuaigh thart a thosaigh an bhrúisc ag na stáisiúin nuair a tuairiscíodh go bhféadfadh ganntanas tiománaithe leoraí cur isteach ar sheachadtaí breosla. Tá cuid den locht á chur ar an Bhreathimeacht. Dá bharr, d'fhógair Rialtas na Breataine scéim víosa teoranta do chúig mhíle tiománaí ó thar lear. Fógraíodh go raibh dlíthe iomaíochta le cur ar fionraí le deis níos fearr a thabhairt do chomhlachtaí ola díriú ar na stáisiúin is measa atá buailte. Tuairiscíodh go raibh an rialtas ag smaointiú³ ar an arm a thabhairt isteach leis an bhrú a mhaolú. Ach dúirt Rúnaí Comhshaoil Shasana, George Eustice, inniu nach raibh sé i gceist go mbeadh saighdiúirí ag tiomáint tancaeir bhreosla⁴.

'We have plenty of petrol,' a dúirt sé agus is é an t-aon chúis nach bhfuil sé ar fáil i ngaráistí faoi láthair ná go bhfuil daoine á cheannach nuair nach bhfuil gá acu leis.

Micheál Ó Curraighin, Nordstar International Transport

Ní shílím féin go mbeidh an ganntanas earraí ná fiú amháin breosla sa tír seo ach bheadh an tír seo faoi bhrú mar tá conarthaí móra a theacht ón Bhreatain anois fá choinne tiománaithe dul siar⁵ ag tiomáint agus conradh a shíniú go dtí i ndiaidh Nollag ann.

Ruairí Ó Murchú TD, Sinn Féin, Coiste Iompair an Oireachtais

Táimid buartha go bhféadfadh fadhbanna sa slabhra soláthair dul i bhfeidhm orainn agus caithfidh an rialtas dul i dteagmháil leis an Tionscadal Tarlaithe Bóthar, an EU agus leis an mBreatain chun réitigh chiallmhara a chur i bhfeidhm.

Peadar Mac Gaoithín

Dúirt Uachtarán Chónaidhm Iompróirí Bóthair na hÉireann⁶, Eugene Drennan, inniu go dteastaíonn 3 mhíle tiománaí leoraí breise sa tír seo faoi láthair agus go n-ardóidh seo go cúig mhíle an bhliain seo chugainn.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

¹ *ansin* an leagan caighdeánach

² *mura* an leagan caighdeánach

³ *smaoineamh* an leagan caighdeánach

⁴ *tancaeirí breosla* a dúradh

⁵ *ag dul soir* atá i gceist is dócha

⁶ *Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann* an téarma oifigiúil